# BUACHAILL AGUS BONNÁN GLUAISTEÁIN AIGE

Gustamh is ainm do. Tá sé ina acluighteoir thar cionn, agus bhfuil aon tréise spéisamhail eile ann. Tá croidhe cineálta aige agus tá bonnán gluaisteán aige. Tá aithne ag gach uile ghasúr san gcomharsanacht air agus tá sé ina gceannsach aca. Nuair a ritheann sé ar fud na gclós i measg na dtightheadh agus é ag grágail leis an mbonnán gluaisteáin. Caitheann na buachaillí uatha pé ar bith a bhíos idir lámha aca, siúd siúd anuas na staidhrí de agus tugann siad searsa iad féachaint céard ta ar bun. Is iondual nach mbíonn ag teastáil uaidh ach cluiche peile a chur ar bun agus chomh luath agus bhíos fuireann tugtha le chéile aige téigheann siad i n-éinfheacht go dtí páirc na himtheartha. Ach uaireannta cialluigheann grág an bhonnán rud maith tharis sin. Is amhlaidh a bhí i gcúis Emil dhe.

"Céard deir tú anois le Beirlin, "adeir Gustamh agus cáir gháire air ó chluas go cluais.

121

Is i mBerlin atá Cearnóg Nollendorf agus muna bhfuil dul amú orm is ins an teach aoidheachta ar an gcearnóg a chuireann muintir an sgéal seo aithne ar an chéile gan crathadh lamh a dhéanamh. Ach go deimhin d'fhéadfadh an teach aoidheachta bheith i gcearnóg Wittenberg nó i gcearnóg Fehrbellimer. Ach de dhéanta na fírinne tá eolas agam ar an áit díreach a bhfuil an teach aoidheachta. Chuala óineara an tighe aoidheachta, an dtuigeann tú chuala sé go raibh leabhar dá sgríobhadh agam-sa. Tháinig sé chugam agus d'iarr orm gan an chearnóg a luadh san leabhair ar fhaitchíos na droch-cháille a bheadh ar an teach aoidheachta dá mbeadh fios ag an saoghal mór gur chuir daoine droch-mhúinte fútha ann.

Rinne dia Máirt beag nóta cruinn faoi gach rud

Ta craobhacha ag na bancanna móra ar fud na cathrach. Tig le lucht maoine codacha a cheannacht ins na craobh-bhancanna seo, agus daoine a bhfuil cúntar aca san mbanc tig leo airgead a fhághail ar a gcuid seiceanna muna mbidh siad "crosáilte. " Is minic a thagann teachtaire go dtí an banc ag iarraidh airgead ghlas nó airgead rua ar notaí deich sgilling nó fagann siad airgead glas agus airgead rua le cheile ar nóta phunt, ionnus go mbeadh a ndóthain airgead briste ag na sinseálaidhthe ins na siopaí. Daoine a mbíonn dallaraí aca, no francanna na hEisbhéise nó lírí Eadálach tugtar airgead Gearmánach dóibh ortha. Tagann daoine go dtí an bamc san oidhche féin cé nach mbíonn daoine ar bith ann le airgead a thabhairt dóibh. Tógann siad féin é.

Garda ómóis Herr Grundeis

Chuir na tuairisgeoirí morán ceisteanna ar Emil.